Polasaí Bí Cineálta Scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

Ghlac Bord Ghaelscoil Mhic Amhlaigh an polasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais ***Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'lar-bhunscoileanna* 2024.**

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach gasúr a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár ngasúir chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár ngasúir agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n--oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh ghasúir nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil. Tá tuiscint shainiúil ag scoileanna Caitliceach ar an duine, ag aithint go gcruthaítear gach duine i gcreideamh Dé agus go bhfuil dínit nádúrtha acu mar pháiste Dé. Is é seo an bunús chun a chinntiú go ndéantar gach duine a bhaineann lenár scoil a chóireáil le cion agus aire, de réir an Chláir Chaitliceach. Mar scoil Chaitliceach, táimid tiomanta do dínit gach duine a urramú. Níl cead ag aon duine a bheith neamhairdealach, agus tá ról riachtanach ag gach duine sa phobal scoile, beag beann ar aon difríocht.

Sainmhíniú Nuashonraithe ar an mBulaíocht

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'lar-bhunscoileanna-*

mar iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí.

Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Mír A: Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

	Dáta an Chomhairliúcháin	Modh comhairliúcháin
Foireann na Scoile	31/ 01/ 2025 23/ 05/ 2025 & 09/09/25 27/ 05/ 2025 28/ 05/ 2025	Comhairliúchán ó Oide (Ionad Oid. Gaillimh) Cruinniú Fóirne Coiste Folláine- cruinniú Coiste Folláine- cruinniú
Scoláirí	27/ 05/ 2025 28/ 05/ 2025	Cruinniú- Coiste Folláine / Coiste na nDaltaí Cruinniú- Coiste Folláine
Tuismitheoirí	28/ 05/ 2025 05/ 06/ 2025	Cruinniú- Coiste Tuismitheoirí Ceistneoirí
Bord Bainistíochta	05/ 06/ 2025	Cruinniú BB
Pobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuí mar shampla tiománaithe bus)	M.Fómhair 2025	Nuachtlitir, rphoist,
An dáta ar faomhadh an polasaí: 5ú Meitheamh 2025		
An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: 9ú Meán Fómhair 2025		

Mír B: Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Leagtar amach sa mhír seo **na straitéisí coisctheacha** a úsáidfidh an scoil. Ina measc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach de réir mar is cuí. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).
Agus straitéisí coisctheacha á bhforbairt a úsáidfidh an scoil seo chun gach foirm de bhulaíocht a chosc, tagaimid ó chomhthéacs ár n-eitice Chaitliceach ina bhfuil difriúil agus cuimsitheach ag comhoibriú leis an scoil ar bhealach fíor. Tógann an scoil seo céimeanna dearfacha chun a chinntiú go bhfuil cultúr na scoile mar chultúr a chuireann fáilte roimh dialóg agus comhoibriú le héagsúlacht agus difríocht, trí chinntiú go gcuirtear straitéisí le haghaidh cosaint agus cuimsitheach i bhfeidhm ar dtús agus a phléitear go rialta ag comhoibriú an Bhoird agus comhoibriú na foirne. Is é an dínit agus an tsláinte atá ag an duine aonair an príomhuirí a bhíonn i gceist lenár gcás Críostaí. Éisteoidh an scoil seo go dlúth le tuismitheoirí agus beidh comhrá ann, mar sin ag tógáil caidreamh tuisceana, urraim, muinín agus comhoibriú san áireamh. Úsáidfear tréimhsí comhoibrithe agus machnaimh le hathbhreithniú a dhéanamh i gcomhar leis an scoil, óga agus tuismitheoirí, chun tacair oiriúnacha a aithint do na gasúir sa scoil seo agus chun cabhrú le straitéisí cuí a chur ar fáil don todhchaí.

Cultúr agus Timpeallacht

- Cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach agus ionchuimsitheach
- Caidreamh idir gach ball de phobal na scoile bunaithe ar mheas, cúram, ionracas agus muinín
- Tá sé de fhreagracht ar gach ball de phobal na scoile cultúr scoile nach bhfuil aon ghlacadh le hiompraíocht bhulaíochta ann a fhorbairt agus a choinneáil agus cur chuige seasmhach a ghlacadh i dtaca le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta.
- Cultúr na scoile á mhúnlú do na gasúir trí chineáltas agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn laistigh dá bpiarghrúpa. Cuireann an scoil nósanna dearfacha chun cinn maidir le féinmheas, féinsmacht agus freagracht i measc phobal na scoile. ***Mana na Scoile: Meas orm fhéin, Meas ar dhaoine eile agus Meas ar Mhaoin***
- Bearta rialta (e.g. gach bliain/gach téarma/gach mí/gach seachtain) feasachta a chur i bhfeidhm ar fud na scoile m.sh. clár fógraí faoi leith sa scoil agus i seomraí ranga maidir le cairdeas a chothú, agus iompraíocht bhulaíochta a chosc; Seachtain Chairdis gach bliain lena n-áirítear an Clár *Bucket Fillers* agus seimineáir le tuismitheoirí/caomhnóirí; suirbhéanna bliantúla/téarma/míosúla ar dhaltaí; tionóil rialta scoile faoi stiúir an phríomhoide, an príomhoide tanaisteach, príomhoidí cúnta, etc.
- Cultúr insinte a spreagadh, agus béim faoi leith ar thábhacht na bhfinnéithe. Ar an gcaoi sin bíonn muinín ag gasúir as a bheith ag insint. Tá gné seo na muiníne ríthábhachtach. Cuirtear in iúl go soiléir do gach pháiste agus iad ag tuairisciú eachtraí bulaíochta nach ag insint ná ag sceitheadh atá siad ach ag gníomhú go freagrach.
- Beartas um Úsáid Inghlactha i bhfeidhm sa scoil lena n-áirítear na céimeanna cuí chun deimhin a dhéanamh de go ndéantar monatóireacht dhian ar úsáid na teicneolaíochta sa scoil, cuir i gcás úsáid a bhaint as gutháin phóca.
- Oideachas a chur ar dhaltaí ar iompar iomchuí ar líne, conas a bheith sábháilte ar líne m.sh. Webwise & aoí chainteoir.
- Timpeallacht scoile atá dearfach agus tacúil do chách chomh maith le timpeallacht ata glan agus néata le go leor taispeántaisí ar na cláracha, sna seomraí ranga agus ar na pasáistí
- Mar chomhpháirtithe gníomhacha in oideachas a ngasúr, tuismitheoirí ag cabhrú chun timpeallacht a chothú nach bhfuil aon ghlacadh le bulaíocht inti má chuireann siad comhbhá agus meas chun cinn sa bhaile
- Duine Fásta Iontaofa - an múinteoir ranga ag tabhairt le fios do ghasúir go bhféadfaidh siad labhairt leis/ leí.
- Spásanna fisiciúla sábháilte lastigh agus lasmuigh d'fhoirgneamh na scoile
- Maoirseacht leanúnach le baill foirne le feiceáil le linn am neamhstruchtúrtha
- Teachtaireachtaí láidre measa ar thaispeáint sa seomra ranga, in áiteanna tionóla agus ar fud na scoile. Bíonn na gasúir bainteach le dréachtú na dteachtaireachtaí.
- Cuidíonn sé le gasúir a mhothú go bhfuil siad nasctha le timpeallacht na scoile agus freagrach aisti. Coistí- Coiste Néara- Éagsúlachta, Coiste Glas, Coiste Folláine, Coiste na nDaltaí, Coiste Tuistí, Tionóil,

- Samplaí ghníomhaíochtaí eile – Cairde Chlóis, Piar- Leitheoireachta, Cluichí có-oibritheacha idir ranganna, Am Órga, go leor gníomhaíochtaí iarscoile
- Spás ciúin sna seomraí ranga. Rogha troscáin agus achmhainí céadfaíocha i ngach seomra m.sh. Stólanna Wobble, fidgets
- Múr scoile sa halla dar theideal 'Cineáltas' cruthaithe ag na gasúir (Clár – Scoileanna Ildánacha)
- Tionól gach leath théarma le taispeántaisí ranga - ag teacht le chéile mar phobal scoile
- Céiliúradh ar éachtaí éagsúla bainte amach ag gasúir/ ranganna áirithe- tallaire na scoile, nuachtlitir, gasúir ag dul isteach ag ranganna
- Boscaí Dearfacha/ Buíoch sna seomraí ranga
- Córais Éarlais m.sh. Am Órga, Corn na Gaeilge
- Seachtain Cineáltas agus Cairdeas
- Seachtain Sábháilteacht ar Líne
- Cruinnithe Tuismitheoirí & Múinteoirí; cumarsáid fíor- tábhachtach
- Aifrinn na Scoile agus Céiliúradh na Nollag- pobal ag teacht le cheile chun céiliúradh a dhéanamh
- Céiliúradh Slán le Rang á reachtáil go bliantúil ag Coiste Tuismitheoirí
- Plandáil na scoile sa ghairdín chun luachanna na scoile a chur chun cinn- bród á léiriú
- Postaeirí INTO- 'Teaghlaigh difriúla, grá céanna' scaipithe timpeall na scoile

Curaclam

- Is féidir le páistí taithí a fháil ar éagsúlacht, inchuimsitheacht agus comhoibriú trí Churaclaim na bPátrún dar theideal I nGrá Dé

- An Curaclam OSPS a chur i bhfeidhm ina bhfuil forálacha sonracha chun iniúchadh a dhéanamh ar bhulaíocht mar aon leis na réimsí a bhaineann le muintearas agus comhtháthú, cumarsáid, coimhlint, cairdeas, sábháilteacht phearsanta agus caidrimh a bhfuil ceangal eatarthu. m.sh. an Clár Bí Sábháilte, OCG, An Clár Misneach, Fí na Folláine, Misneach, Webwise, Mind- Up, Friends for Life, Incredible Years, Include, Zeeko, uirlisí feasachta Frithbhulaíochta do Ranganna Naíonáin-Rang 6 & Fillteán ABC agus Feachtas Frithbhulaíochta (Anti-Bullying Campaign) do Ranganna 3 -6.

- Leathnófar an obair isteach i gcuid mhaith réimsí den churaclam cosúil le Ealaín, Drámaíocht, Oideachas Reiligiúnach agus Corpoideachas. Cuirtear comhoibriú agus fiontraíocht ghrúpa chun cinn trí spórt foirne, clubanna scoile agus cumainn agus trí ábhair phraiticiúla freisin.
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach don Fhoireann fad is atá siad ag seachadadh na gclár seo.
- Roinntear liosta de gach acmhainn a bhaineann leis an gcuraclam OSPS ar thiomantan na scoile
- Cláir OSPS an Gharda Síochána a sheachadadh ar leibhéal bunscoile. Pléann na ceachtanna seo, a thugann Gardaí Pobail, ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht phearsanta agus cibearbhulaíocht.
- Féachfaidh an scoil, go háirithe, i leith riachtanais bhreise ghasúir le riachtanais oideachais speisialta maidir le cláir a chur i bhfeidhm agus scileanna agus straitéisí a fhorbairt a

chuirfeadh ar chumas gach dalta freagairt go cuí.

- Teagasc agus foghlaim atá comhoibríoch agus measúil á chur chun cinn le deiseanna rialta ag gasúir oibriú i ngrúpaí beaga lena bpiaraí.

Polasaí & Pleanáil

- Polasaí Bí Cineálta
- Raiteas um Chumhdach Leanaí & Measúnú Riosca
- Folláine phobal na scoile i gcroílár pholasaithe agus pleananna na scoile
- Polasaí Úsáide Inghlactha
- Polasaí Maoirseachta
- Polasaí Teagaisc Oideachais Speisialta
- Polasaí Sláinte agus Sabháilteacht
- Cód Iompair
- Tinreamh
- Cosaint Sonraí
- Rialacha Ranga
- Tacaíocht do rannpháirtíocht na ngasúr a fhorbairt i bhfeidhmiú pholasaithe na scoile m.sh. Polasaí Folláine, Cód Smachta, Polasaí Oideachais Gaeltachta.
- Rannpháirtíocht an fhoireann scoile a mhealladh i gcúrsaí foghlama gairmiúla cuí chun tacú le bearta chun cosc a chur ar iompraíocht bhulaíochta a chosc agus chun dul i ngleic léi m.sh. Oide, Zeeko, Cybersafe Kids

Caidrimh & Páirtnéireachtaí

- An Bord Bainistíochta, an fhoireann, na gasúir agus a dtuismitheoirí páirteach ar bhealach fiúntach i bhforbairt, feidhmiú agus athbhreithniú pholasaí Bí Cineálta na scoile.
- Caidreamh dearfach ar fud phobal uile an t-oideachas chun comhbhá, tuiscint agus meas a chur chun cinn.
- Deimhnítear go mbíonn a fhios ag gasúir cé dó ba chóir dóibh a insint agus cén chaoi len é a dhéanamh (Déantar na nithe tábhachtacha seo a phlé leis an rang le linn leagan amach rialacha ranga na bliana agus déantar áird na ngasúr a tharraingt orthu go leanúnach) m.sh
    - Dul caol díreach chuig múinteoir ag am feiliúnach, mar shampla tar éis ranga.
    - Nóta a thabhairt isteach leis an obair bhaile.
    - Glaoch gutháin a chur ar an scoil nó ar mhúinteoir sa scoil a bhfuiltear muiníneach as/aisti.
    - Tabhairt ar thuismitheoir(í)/ar chaomhnóir(í) nó ar chara insint.
    - Ceistneoir rúnda a thabhairt do gach pháiste uair sa téarma ***i Rang 3-6.*** m.sh. 5 cheistneoir in aghaidh na bliana maidir le Feachtas Frithbhulaíochta/ ABC (Deireadh Fómhair/Deireadh Mí na Samhna/ Deireadh Mí Eanair/ Márta/ Deireadh Bealtaine agus aon am a luann páiste nó duine eile go bhfuil bulaíocht a dhéanamh ar pháiste sa rang.)

- Prótacail shoiléire a shonrú chun tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) a spreagadh dul chun na scoile más dóigh leo go bhfuil bulaíocht á déanamh ar a p(h)áiste.
- Tacú le rannpháirtíocht ghníomhach ghasúir i saol na scoile m.sh. Coiste na nDaltaí, Coiste Néara- Éagsúlachta, Coiste Glas, Coiste Folláine

- Tacú le rannpháirtíocht ghníomhach tuismitheoirí i saol na scoile m.sh. Coiste na dTuismitheoirí, Quiz Bord, Aonach na Nollag, Aonach na Leabhar, ag dul ar thurais
- Ceardlanna & seimineáir do ghasúir, foireann scoile agus tuismitheoirí chun feasacht ar thionchar na bulaíochta a mhúscailt m.sh. Zeeko, Ceardlainne NPC ar líne, aoi- cainteoirí
- Tacaíocht piaraí – compánaigh idir ranganna don léamh agus cluichí Mhata
- Gníomhartha cineálta a chur chun cinn m.sh.
- Fadhbréiteach a theagasc
- Cruinnithe, ceistneoirí, nuachtlitreacha, Coistí
- Dhá leagan den pholasaí atá oiriúnach do ghasúir chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi ar bhealach éifeachtach (Naí – Rang 2 & Rang 3-6)
- Tacaíochtaí agus comhairle ó NEPS, NCSE, Oide

Iompraíocht chibearbhulaíochta a chosc

Is í aois an toilithe dhigitigh an aois íosta a chaithfidh úsáideoir a bheith sula bhféadfaidh cuideachta meán sóisialta nó idirlín a s(h)onraí a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil. In Éirinn is é 16 bliana d'aois aois an toilithe dhigitigh. Chun críocha bailithe sonraí, ní mór cead tuismitheora a bheith ag scoláirí idir 13 bliana agus 16 bliana d'aois chun clárú le seirbhísí meán sóisialta i gcás ina núsáideann cuideachtaí bunús dlí an toilithe chun sonraí úsáideoirí a phróiseáil agus a stóráil. Tá íosriachtanas aoise ag formhór na n-ardán agus na seirbhísí meán sóisialta agus is é 13 bliana d'aois an t-íosriachtanas aoise d'fhormhór na seirbhísí sin. Mar sin, go teicniúil, níor cheart go mbeadh cuntas meán sóisialta ag leanaí faoi bhun 13 bliana d'aois. Tá sé tábhachtach do shábháilteacht a linbh, go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas faoin úsáid atá á baint ag a bpáiste as an teicneolaíocht, lena náirítear fóin chliste agus consóil cluichí.

I measc na straitéisí chun iompraíocht chibearbhulaíochta a chosc tá na nithe seo a leanas;

- tuismitheoirí atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bpáistí ar líne Leagtar béim ar an ról gníomhach atá ag tuismitheoirí agus/nó ag Cumann na dTuismitheoirí i bhfeachtais chun feasacht mar gheall ar mheáin shóisialta a mhúscailt. Molaimid gan daltaí Bunscoile a ligean ar shuíomhanna méain sóisialta. Má cheadaíonn tuistí a leithid go mbeadh na cuntais príobháideach nuair a bhíonn meáin shóisialta in úsáid acu e.g. aipeanna, Instagram, Snapchat 7rl

  Molaimid do thuismitheoirí:

  (a) a bheith mar chara ag a p(h)áiste ar aon líonra meáin shóisialta a úsáideann a ngasúir.

  (b) A chinntiú go bhfuil na cuntais príobháideach

  (c) Maoirseacht a dhéanamh ar úsáid na meán sóisialta

  (d) A chinntiú nach mbíonn fóin, ríomhairí glúine, 7rl sa seomra codlata istoíche

- inniúlacht dhigiteach agus saoránacht dhigiteach a chur chun cinn, agus timpeallachtaí sábháilte ar líne a chothú- córas scagaire ar na taibléidí go léir
- an curaclam um inniúlacht ar na meáin dhigiteacha ina múintear do ghasúir faoi iompraíocht fhreagrach ar líne agus faoi shaoránacht dhigiteach – Ranganna 5 & 6? Comhráite rialta le páistí faoi chaidreamh atá measúil agus cineálta ar líne

- Polasaí Úsáide Inghlactha don Teicneolaíocht
- tagairt a dhéanamh d'iompraíocht chuí ar líne mar chuid de na caighdeáin iompraíochta sa Chód Iompair
- Lá na Sábháilteachta Idirlín chun feasacht a threisiú maidir le hiompraíocht chuí ar líne
- an curaclam OSPS ar chuile clárama ranga

Iompraíocht bulaíochta homafóbaí / trasfhóbaí a chosc

- timpeallacht fhisiciúil ionchuimsitheach a chothú agus a choinneáil, m.sh. póstaeir ábhartha ar thaispeántas (INTO)
- tacaíocht piaraí a spreagadh m.sh. piarmheantóireacht agus gníomhaíochtaí a chothaíonn comhbhá
- steiréitíopaí inscne a cheistiú tríd úrscéaltaí agus físeáin
- tacaíocht a thabhairt do pháistí iompraíocht homafóbaí a thuairiscí m.sh. teangain

Iompraíocht bulaíochta ciníche a chosc

- cultúr scoile a chothú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina "bhfeiceann gasúir iad féin" ina dtimpeallacht scoile
- éagsúlacht na scoile ó thaobh cultúir de a bheith sofheicthe agus ar thaispeáint m.sh.
- tacaíocht piaraí a spreagadh m.sh. piarmheantóireacht agus gníomhaíochtaí a chothaíonn comhbhá m.sh. Cairde Chlóis,
- Iad siúd a fheiceann iompraíocht chiníoch a spreagadh chun tuairisc a thabhairt air
- a chinntiú go léirítear in ábhar léitheoireachta na leabharlainne agus na dtéacsleabhar
- cuireadh a thabhairt do chainteoirí ó chúlraí eitneacha éagsúla

Iompraíocht bulaíochta gnéasaí a chosc

- a chinntiú go léiríonn baill foirne iompraíocht mheasúil agus go gcaitheann siad le gasúir ar an mbealach céanna beag beann ar a n-inscne
- a chinntiú go bhfuil na deiseanna céanna ag gach páiste páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile beag beann ar a (h)inscne
- an éagsúlacht a cheiliúradh ar scoil agus aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht gach páiste m.sh. Tionól, Taispeántaisí, Coiste Néara- Éagsúlachta

Iompraíocht bulaíochta ciapadh gnéasach a chosc

- eiseamláirí dearfacha a chur chun cinn laistigh de phobal na scoile
- steiréitíopaí inscne a d'fhéadfadh cur le ciapadh gnéasach a cheistiú

Tá **na polasaithe maoirseachta agus monatóireachta** a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta)

Beart tábhachtach is ea maoirseacht chuí chun cabhrú le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

- Déantar gach beart réasúnach sábháilteacht ghasúir na scoile a chinntiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu nuair atá said ag freastal ar an scoil m.sh. spás amháin ar fáil do chuile rang- ghrúpa le linn am sosa. Múinteoir agus CRS ag feitheoireacht ar aon spás amháin ag an am. Múinteoir ranga ag siúl ag an spás cuí lena rang ag tús am sosa agus an rang á bhailiú ag an múinteoir ranga ón gclós ag deireadh am sosa.
- Cuirtear meascán de ghníomhaíochtaí eagraithe ar fáil le linn amanna sosa. Déantar gach iarracht le freastal a dhéanamh ar réimse roghanna agus ábhair spéise na ngasúr.m.sh. ceithre chearnóg, gáirdín ciúin, club leabhar, ag dathú, boird phicnice &club garraíodóireachta
- Déantar gach beart réasúnach sábháilteacht ghasúir na scoile a chinntiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu nuair atá siad ar imeachtaí scoile.m.sh. Duine Fásta in éinde le grúpa **ochtar**/deichniúr (múinteoir ranga, CRS, tuismitheoirí)

Mír C: Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta;

- ***Múinteoir Ranga*** *ar dtús báire*
- ***An Príomhoide agus/nó an Príomhoide Tanaisteach*** *más gá*

Féadfaidh aon mhúinteoir a bheith ina mhúinteoir ábhartha de réir mar is gá sna himthosca ar leith.

Is iad seo a leanas (i) **na céimeanna** a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompraíocht bhulaíochta á déanamh,(ii) **na cuir chuige** a glacfar chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus (iii) **athbhreithniú** a dhéanamh ar dhul chun cinn (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

Tá pobal uile na scoile freagrach as iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Bheadh sé mar phríomhaidhm agus aghaidh á tabhairt ar thuairiscí ar iompraíocht bhulaíochta stop a chur leis an iompraíocht bhulaíochta agus, chomh fada agus is féidir, an caidreamh idir na gasúir atá i gceist a athbhunú, seachas milleán a chur.

(i)A aithint ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta-

Chun a chinntiú an iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht a thuairiscítear, ba cheart machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

1. An bhfuil an iompraíocht dírithe ar pháiste ar leith nó ar ghrúpa ghasúir?

2. An bhfuil sé i gceist go ndéanfadh an t-iompar dochar fisicúil, sóisialta nó mothúcánach?

3. An bhfuil an iompraíocht á léiriú arís agus arís eile?

Más 'Tá' an freagra ar gach ceann de na ceisteanna thuas, is iompraíocht

bhulaíochta í an iompraíocht agus ba chóir dul i ngleic léi de réir Ghnásanna Bí Cineálta

Ní hionann eachtra aon uaire d'iompraíocht dhiúltach in aghaidh gasúir eile agus iompraíocht bhulaíochta. Mar sin féin, is féidir teachtaireachtaí goilliúnacha a phostáiltear ar na meáin shóisialta a mheas mar iompraíocht bhulaíochta mar go bhféadfadh pobal níos leithne iad a fheiceáil agus gur mó an seans go ndéanfar iad a roinnt go minic agus mar sin gur iompraíocht leantach atá iontu.

(ii) Sa chás gur tharla iompraíocht bhulaíochta- Cur Chuige

Nuair a théann múinteoirí ranga i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta, ba chóir do mhúinteoirí:

- A chinntiú go mothaíonn an páiste a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici go bhfuiltear ag éisteacht leis/léi agus go bhfuiltear á c(h)ur ar a s(h)uaimhneas. Iarracht a dhéanamh príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.
- Gach comhrá a dhéanamh go híogair.
- Aois agus cumas na ngasúr atá i gceist a chur san áireamh.
- Éisteacht le tuairimí an pháiste a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
- Gníomhú go tráthúil.
- Tuismitheoirí na ngasúr atá i gceist a chur ar an eolas go luath- Ranganna na Naíonáin Bheaga go Rang 2
- Tuismitheoirí Ghasúir Rang 3- 6 féach- Feachtas Frithbhulaíochta (Anti-bullying Campaign)

Má bhíonn grúpa páistí i gceist, déanfar teagmháil le gach páiste ina (h)aonar ar dtús. Ina dhiaidh sin, bualfar le gach páiste atá i gceist mar ghrúpa.

Tabharfar tacaíocht do gach páiste de réir mar is cuí, i ndiaidh an chruinnithe grúpa.

I gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta, ní mór teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí na ngasúr tá i gceist go luath chun iad a chur ar an eolas faoin gcás agus chun dul i gcomhairle leo maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht.

Tá sé tábhachtach éisteacht le tuairimí an pháiste a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.

Déanfar taifead a choinneáil den phlé a rinneadh le gach duine a bhí i gceist-ba chóir go ndéanfadh an taifead seo doiciméadú ar fhoirm agus ar chineál na hiompraíochta bulaíochta, más eol sin - cá háit agus cathain a tharla sé agus dáta na teagmhála tosaigh leis na gasúir atá i gceist agus a dtuismitheoirí. Ba chóir go mbeadh tuairimí na ngasúr atá i gceist agus a dtuismitheoirí maidir leis na gníomhartha atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta san áireamh sa taifead. Féach foirm Aguisín 3

(iii) Athbhreithniú - Iarphlé i gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta

Ní mór don mhúinteoir dul i mbun plé arís leis na gasúir agus na tuismitheoirí atá i gceist tráth

nach bhfuil níos mó ná 20 lá scoile i ndiaidh na teagmhála tosaigh. Ar na tosca tábhachtacha atá le breithniú mar chuid den phlé seo tá cineál na hiompraíochta bulaíochta, éifeachtacht na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíochta bhulaíochta agus an caidreamh idir na gasúir atá i gceist.

Ba chóir don mhúinteoir;

- an t-athbhreithniú le gasúir agus lena dtuismitheoirí a dhoiciméadú lena fháil amach an bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta agus tuairimí na ngasúr agus na dtuismitheoirí ina leith sin.
- an dáta ar cinneadh go raibh deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh freisin.
- aon rannpháirtíocht le seirbhísí/tacaíochtaí seachtracha a bhreacadh síos freisin. d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le maoirseacht agus tacaíocht leanúnach do na gasúir atá i gceist fiú nuair a bheidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta.
- mura bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta ba chóir don mhúinteoir athbhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí a úsáideadh i gcomhairle leis na gasúir atá i gceist agus a dtuismitheoirí agus ba cheart amlíne a aontú le haghaidh tuilleadh plé go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta.

Más léir go bhfuil an páiste a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige/aici ag leanúint leis an iompraíocht a léiriú, ba chóir smaoineamh ar na straitéisí a úsáid chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí dá bhforáiltear i gCód Iompair na scoile.

Má dhéantar pionóis smachta a bhreithniú, is ceist é sin idir an páiste ábhartha, a t(h)uismitheoirí agus an scoil.

Mura bhfuil tuismitheoir(í) sásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta, de réir Ghnásanna Bí Cineálta Chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna, ba chóir iad a a threorú chuig gnásanna gearán na scoile.

Má tá tuismitheoir míshásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta, féadfaidh sé/sí gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí má chreideann sé/sí go raibh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí na scoile ar an bpáiste.

Bainfidh an scoil úsáid as **na cuir chuige** seo a leanas **chun tacú** leo siúd a ndéanfar bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompraíocht bhulaíochta (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

Tá sé tábhachtach go mbeadh foireann na scoile cóir agus seasmhach sa chur chuige chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta. Teastaíonn tacaíocht ón bpáiste a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus ón bpáiste a léiríonn an iompraíocht bhulaíochta araon. Tá sé tábhachtach go rachfaí i mbun plé leis an bpáiste a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici gan mhoill chun go mothódh sé/sí go bhfuil tacaíocht á fáil aige/aici, ar a s(h)uaimhneas, agus sábháilte.

Ba chóir d'fhoireann na scoile na tacaíochtaí a theastaíonn ón bpáiste a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige/aici a aithint chun deacrachtaí gaolmhara a bhainistiú níos éifeachtaí agus chun a chinntiú go ndéantar freastal ar a riachtanais.

D'fhéadfadh laghdú teacht ar ghníomhaíocht nó ar bhraistint cumhachta páiste nuair a fhulaingíonn sé/sí iompraíocht bhulaíochta nó nuair a fheiceann sé/sí í. Nuair a insíonn páiste do dhuine fásta go measann sé/sí go bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici d'fhéadfadh sé

go mbraithfidís go bhfuil beagáinín smacht á fháil aige/aici ar an gcás ina bhfuil sé/sí. Tá sé ríthábhachtach nach dtiocfadh laghdú ar ghníomhaíocht an pháiste arís má dhéanann duine fásta cinneadh maidir leis na bearta a dhéanfar gan éisteacht leis an bpáiste agus gan páirt a thabhairt dó/di sa chinneadh faoi na bearta a ghlacfar.

Iompraíocht Bhulaíochta a chuntas

Déanfar gach iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh. San áireamh ansin beidh an cineál iompraíochta, cá háit agus cathain a tharla sé, agus dáta an chaidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí. Déanfar na gníomhaíochtaí agus na tacaíochtaí comhaontaithe chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochtaa dhoiciméadú. Más ábhar imní í an iompraíocht bhulaíochta maidir le cosaint leanaí déileálfar leis an gceist gan mhoill de réir *Gnásanna um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna. Féach Aguisín 3*

Mír D: Maoirseacht:

Cuirfidh an príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bulaíochta, cuirfidh an príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena n-áirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo.

Tá an polasaí seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh idirlín na scoile agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den pholasaí seo atá in oiriúint do ghasúir ar taispeáint sa scoil agus tá sé ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin agus ina chóip chrua ach é a iarraidh.

Déanfar an polasaí seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasaí seo.

Sínithe: *Seán Ó Leidhinn* Dáta : 5/06/25

(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Sínithe: *Dairíona Nic Con Iomaire* Dáta: 5/06/25

(Príomhoide)

Aguisín 1- Polasaí Bí Cineálta atá in oiriúint do ghasúir Ranganna Naíonáin Bheaga go Rang 2

Aguisín 2- Polasaí Bí Cineálta atá in oiriúint do ghasúir Ranganna 3 go 6

Aguisín 3- Teimpléad chun Iompraíocht Bhulaíochta a thaifeadadh